CINNTÍ

CINNEADH CUR CHUN FEIDHME (CBES) 2020/1388 ÓN gCOMHAIRLE

an 2 Deireadh Fómhair 2020

lena gcuirtear chun feidhme Cinneadh 2012/642/CBES maidir le bearta sriantacha i gcoinne na Bealarúise

TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar an Aontas Eorpach, agus go háirithe Airteagal 31(2) de,

Ag féachaint don Chinneadh 2012/642/CBES ón gComhairle an 15 Deireadh Fómhair 2012 maidir le bearta sriantacha i gcoinne na Bealarúise ([1]), agus go háirithe Airteagal 6(1) de,

Ag féachaint don togra ó Ardionadaí an Aontais do Ghnóthaí Eachtracha agus don Bheartas Slándála,

De bharr an mhéid seo a leanas;

(1) An 15 Deireadh Fómhair 2012, ghlac an Chomhairle Cinneadh 2012/642/CBES maidir le bearta sriantacha i gcoinne na Bealarúise.

(2) An 9 Lúnasa 2020, reáchtáladh toghcháin uachtaránachta sa Bhealarúis, ar toghcháin iad a bhfuarthas nach raibh siad i gcomhréir le caighdeáin idirnáisiúnta agus gur milleadh iad i ngeall ar an mbrú faoi chois a rinneadh ar iarrthóirí neamhspleácha agus ar an gcniogbheartaíocht bhrúidiúil a imríodh ar agóideoirí síochánta i ndiaidh na dtoghchán. An 11 Lúnasa 2020, d'eisigh Ardionadaí an Aontais do Ghnóthaí Eachtracha agus don Bheartas Slándála dearbhú thar ceann an Aontais inar tugadh an mheasúnacht nach raibh na toghcháin saor ná cóir. Luadh freisin gurbh fhéidir bearta a dhéanamh i gcoinne na ndaoine a bhí freagrach as foréigean, gabhálacha gan údar, agus as torthaí na dtoghchán a fhalsú.

(3) I bhfianaise a thromchúisí atá an staid sa Bhealarúis, ba cheart 40 duine a áireamh ar liosta na ndaoine agus na n-eintiteas atá faoi réir na mbeart sriantach a leagtar amach san Iarscríbhinn a ghabhann le Cinneadh 2012/642/CBES.

(4) Dá bhrí sin, ba cheart an Iarscríbhinn a ghabhann le Cinneadh 2012/642/CBES a leasú dá réir,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

Leasaítear an Iarscríbhinn a ghabhann le Cinneadh 2012/642/CBES mar a leagtar amach san Iarscríbhinn a ghabhann leis an gCinneadh seo.

Airteagal 2

Tiocfaidh an Cinneadh seo i bhfeidhm ar dháta a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, 2 Deireadh Fómhair 2020.

Thar ceann na Comhairle
An tUachtarán
M. ROTH

([1]) IO L 285, 17.10.2012, lch. 1

IARSCRÍBHINN

Cuirtear na daoine seo a leanas leis an Iarscríbhinn a ghabhann le Cinneadh 2012/642/CBES:

	Ainmneacha Tras-scríobh an litrithe Bealarúisise Tras-scríobh an litrithe Rúisise	Ainmneacha (litriú Bealarúisise)	Ainmneacha (litriú Rúisise)	Faisnéis aitheantais	Cúiseanna lena liostú
"5.	Yuri Khadzimuratavich KARAEU Yuri Khadzimuratovich KARAEV	Юрый Хаджымуратавіч КАРАЕЎ	Юрий Хаджимуратович КАРАЕВ	Minister ar Internal Affairs, Major-General ar an Militia (police force). Dáta breithe: 21.6. 1966 Áit bhreithe: Ordzhonikidze (iar-APSS), Vladikavkaz (Vladikavkaz, Russian Federation anois) Inscne: fireann	Ina phost ceannaireachta mar Aire Gnóthaí Baile (MoIA), is é atá freagrach as an bhfeachtas cos ar bolg agus imeaglaithe a stiúir fórsaí MoIA tar éis thoghchán uachtaránachta 2020, feachtas a raibh gabhálacha treallacha agus drochíde go háirithe mar chuid de, lena n-áirítear céasadh léirsitheoirí síochánta chomh maith le himeaglú iriseoirí agus foréigean orthu.
6.	Genadz Arkadzievich KAZAKEVICH Gennadi Arkadievich KAZAKEVICH	Генадзь Аркадзьевіч КАЗАКЕВІЧ	Геннадий Аркадьевич КАЗАКЕВИЧ	First Deputy Minister sa Ministry of Internal Affairs – Chief ar an Criminal Militia, Coirnéal Mílíste (fórsa póilíneachta). Dáta breithe: 14.2.1975 Áit bhreithe: Minsk, iar-APSS (Belarus anois) Inscne: fireann	Ina phost ceannaireachta mar Chéad Leas-Aire san Aireacht Gnóthaí Baile (MoIA), is é atá freagrach as an bhfeachtas cos ar bolg agus imeaglaithe a stiúir fórsaí MoIA tar éis thoghchán uachtaránachta 2020, feachtas a raibh gabhálacha treallacha agus drochíde go háirithe mar chuid de, lena n-áirítear céasadh léirsitheoirí síochánta chomh maith le himeaglú iriseoirí agus foréigean orthu.
7.	Aliaksandr Piatrovich BARSUKOU Aleksandr Piotrovich BARSUKOV	Аляксандр Пятровіч БАРСУКОЎ	Александр Петрович БАРСУКОВ	Deputy Minister sa Ministry of Internal Affairs, Major-General ar an Militia (police force). Dáta breithe: 29.4.1965 Áit bhreithe: Vetkovski, iar-APSS, (Belarus anois). Inscne: fireann	Ina phost ceannaireachta mar Leas-Aire san Aireacht Gnóthaí Baile (MoIA), is é atá freagrach as an bhfeachtas cos ar bolg agus imeaglaithe a stiúir fórsaí MoIA tar éis thoghchán uachtaránachta 2020, feachtas a raibh gabhálacha treallacha agus drochíde go háirithe mar chuid de, lena n-áirítear céasadh léirsitheoirí síochánta chomh maith le himeaglú iriseoirí agus foréigean orthu.
8.	Siarhei Mikalaevich KHAMENKA Sergei Nikolaevich KHOMENKO	Сяргей Мікалаевіч ХАМЕНКА	Сергей Николаевич ХОМЕНКО	Deputy Minister sa Ministry of Internal Affairs, Major-General ar an Militia (police force). Dáta breithe: 21.9.1966 Áit bhreithe: Yasinovataya iar-APSS (Ukraine anois) Inscne: fireann	Ina phost ceannaireachta mar Leas-Aire san Aireacht Gnóthaí Baile (MoIA), is é atá freagrach as an bhfeachtas cos ar bolg agus imeaglaithe a stiúir fórsaí MoIA tar éis thoghchán uachtaránachta 2020, feachtas a raibh gabhálacha treallacha agus drochíde go háirithe mar chuid de, lena n-áirítear céasadh léirsitheoirí síochánta chomh maith le himeaglú iriseoirí agus foréigean orthu.

	Ainmneacha Tras-scríobh an litrithe Bealarúisise Tras-scríobh an litrithe Rúisise	Ainmneacha (litriú Bealarúisise)	Ainmneacha (litriú Rúisise)	Faisnéis aitheantais	Cúiseanna lena liostú
9.	Yuri Genadzevich NAZARANKA Yuri Gennadievich NAZARENKO	Юрый Генадзьевіч НАЗАРАНКА	Юрий Геннадьевич НАЗАРЕНКО	Deputy Minister san Aireacht Internal Affairs, Commander ar na Internal Troops. Dáta breithe: 17.4.1976 Áit bhreithe: Slonim, iar-APSS (Belarus anois). Inscne: fireann	Ina phost ceannaireachta mar Leas-Aire san Aireacht Gnóthaí Baile (MoIA) agus mar Cheannasaí Thrúpaí Baile MoIA, is é atá freagrach as an bhfeachtas cos ar bolg agus imeaglaithe a stiúir fórsaí MoIA, go háirithe na Trúpaí Baile a bhí faoina cheannas, tar éis thoghchán uachtaránachta 2020, feachtas a raibh gabhálacha treallacha agus drochíde go háirithe mar chuid de, lena n-áirítear céasadh léirsitheoirí síochánta chomh maith le himeaglú iriseoirí agus foréigean orthu.
10.	Khazalbek Baktibekavich ATABEKAU Khazalbek Bakhibekovich ATABEKOV	Хазалбек Бактібекавіч АТАБЕКАЎ	Хазалбек Бахтибекович АТАБЕКОВ	Deputy Commander ar na Interior Ministry Troops Dáta breithe: 18.3.1967 Inscne: fireann	Ina phost mar Leas-Cheannasaí Thrúpaí Baile na hAireachta Gnóthaí Baile (MoIA), is é atá freagrach as an bhfeachtas cos ar bolg agus imeaglaithe a stiúir fórsaí MoIA, go háirithe na Trúpaí Baile a bhí faoina cheannas, tar éis thoghcháin uachtaránachta 2020, feachtas a raibh gabhálacha treallacha agus drochíde go háirithe mar chuid de, lena n-áirítear céasadh léirsitheoirí síochánta chomh maith le himeaglú iriseoirí agus foréigean orthu.
11.	Aliaksandr Valerievich BYKAU Alexander BYKOV	Аляксандр Валер'евіч БЫКАЎ	Александр Валерьевич БЫКОВ	Commander ar an Special Rapid Response Unit (SOBR) Inscne: fireann	Ina phost mar Cheannasaí ar an Aonad Speisialta Mearfhreagartha (SOBR), is é atá freagrach as an bhfeachtas cos ar bolg agus imeaglaithe a stiúir fórsaí SOBR tar éis thoghchán uachtaránachta 2020, feachtas a raibh gabhálacha treallacha agus drochíde go háirithe mar chuid de, lena n-áirítear céasadh léirsitheoirí síochánta.
12.	Aliaksandr Sviataslavavich SHEPELEU Aleksandr Svyatoslavovich SHEPELEV	Аляксандр Святаслававіч ШЭПЕЛЕЎ	Александр Святославович ШЕПЕЛЕВ	Head ar an Department for Safety and Security, Ministry of Internal Affairs, Dáta breithe: 14.10.1975 Áit bhreithe: village of Rublevsk, Kruglyanskiy district, Mogilev region, iar-APSS (Belarus anois). Inscne: fireann	Ina phost sinsearach mar Cheann Roinne um Shlándáil agus Sábháilteacht san Aireacht Gnóthaí Baile (MoIA), tá lámh aige san fheachtas cos ar bolg agus imeaglaithe a stiúir fórsaí MoIA tar éis thoghchán uachtaránachta 2020, feachtas a raibh gabhálacha treallacha agus drochíde go háirithe mar chuid de, lena n-áirítear céasadh léirsitheoirí síochánta chomh maith le himeaglú iriseoirí agus foréigean orthu.

	Ainmneacha Tras-scríobh an litrithe Bealarúisise Tras-scríobh an litrithe Rúisise	Ainmneacha (litriú Bealarúisise)	Ainmneacha (litriú Rúisise)	Faisnéis aitheantais	Cúiseanna lena liostú
13.	Dzmitry Uladzimiravich BALABA Dmitry Vladimirovich BALABA	Дзмітрый Уладзіміравіч БАЛАБА	Дмитрий Владимирович БАЛАБА	Head ar OMON (Отряд милиции особого назначения, ('Special Purpose Police Detachment') le haghaidh Minsk City Executive Committee, Dáta breithe: 1.6.1972 Áit bhreithe: village of Gorodilovo, Minsk region , iar-APSS (Belarus anois). Inscne: fireann	Ina phost ceannasaíochta os cionn fhórsaí OMON i Mionsc, is é atá freagrach as an bhfeachtas cos ar bolg agus imeaglaithe a stiúir fórsaí OMON i Mionsc tar éis thoghchán uachtaránachta 2020, feachtas a raibh gabhálacha treallacha agus drochíde go háirithe mar chuid de, lena n-áirítear céasadh léirsitheoirí síochánta chomh maith le himeaglú iriseoirí agus foréigean orthu.
14.	Ivan Uladzimiravich KUBRAKOU Ivan KUBRAKOV	Іван Уладзіміравіч КУБРАКОЎ	Иван Владимирович КУБРАКОВ	Head ar an Main Internal Affairs Directorate den Minsk City Executive Committee Dáta breithe: 5.5.1975 Áit bhreithe: village of Malinovka, Mogilev Oblast, iar-APSS (Belarus anois). Inscne: fireann	Ina phost mar Cheann ar an bPríomh-Stiúrthóirtheacht Gnóthaí Baile de Choiste Feidhmiúcháin Chathair Mhionsc, is é atá freagrach as an bhfeachtas cos ar bolg agus imeaglaithe a stiúir fórsaí póilíneachta tar éis thoghcháin uachtaránachta 2020, feachtas a raibh gabhálacha treallacha agus drochíde ar léirsitheoirí síochánta go háirithe mar chuid de, chomh maith le himeaglú iriseoirí agus foréigean orthu.
15.	Maxim Aliaksandravich GAMOLA Maxim Alexandrovich GAMOLA	Максім Аляксандравіч ГАМОЛА	Максим Александрович ГАМОЛА	Head ar an Police Department in Moskovski District, Minsk, Inscne: fireann	Ina phost mar Cheann ar an Roinn Póilíneachta i nDúiche Moskovski, Minsk, is é atá freagrach as feachtas cos ar bolg agus imeaglaithe sa dúiche sin i gcoinne lucht agóideoirí síochánta tar éis thoghchán uachtaránachta 2020, go háirithe le gabhálacha treallacha, úsáid iomarcach fornirt agus drochíde, lena n-áirítear céasadh.
16.	Aliaksandr Mikhailavich ALIASHKEVICH Alexander Mikhailovich ALESHKEVICH	Аляксандр Міхайлавіч АЛЯШКЕВІЧ	Александр Михайлович АЛЕШКЕВИЧ	First Deputy Head ar an District Department of Internal Affairs in Moskovski District, Minsk, Head of Criminal Police Inscne: fireann	Ina phost mar Chéad Leas-Cheann ar an Roinn Dúiche Gnóthaí Baile i nDúiche Moskovski, Mionsc, agus Ceann na Póilíneachta Coiriúla, is é atá freagrach as feachtas cos ar bolg agus imeaglaithe sa dúiche sin i gcoinne lucht agóideoirí síochánta tar éis thoghchán uachtaránachta 2020, go háirithe le gabhálacha treallacha, úsáid iomarcach fornirt agus drochíde, lena n-áirítear céasadh.
17.	Andrei Vasilievich GALENKA Andrey Vasilievich GALENKA	Андрэй Васільевіч ГАЛЕНКА	Андрей Васильевич ГАЛЕНКА	Deputy Head ar an District Department of Internal Affairs in Moskovski District, Minsk, Head ar an Public Safety Police Inscne: fireann	Ina phost mar Leas-Cheann ar an Roinn Dúiche Gnóthaí Baile i nDúiche Moskovski, Minsk, - Ceann na Póilíneachta Sábháilteachta Poiblí, is é atá freagrach as feachtas cos ar bolg agus imeaglaithe sa dúiche sin i gcoinne lucht agóideoirí síochánta tar éis thoghchán uachtaránachta 2020, go háirithe le gabhálacha treallacha, úsáid iomarcach fornirt agus drochíde, lena n-áirítear céasadh.

	Ainmneacha Tras-scríobh an litrithe Bealarúisise Tras-scríobh an litrithe Rúisise	Ainmneacha (litriú Bealarúisise)	Ainmneacha (litriú Rúisise)	Faisnéis aitheantais	Cúiseanna lena liostú
18.	Aliaksandr Paulavich VASILIEU Alexander Pavlovich VASILEV	Аляксандр Паўлавіч ВАСІЛЬЕЎ	Александр Павлович ВАСИЛЬЕВ	Head ar an Department of Internal Affairs of Gomel Oblast Executive Committee Dáta breithe: 24.3.1975 Áit bhreithe: Mahilou/Mogilev, former USSR (now Belarus) Inscne: fireann	Ina phost mar Cheann ar an Roinn Gnóthaí Baile ar Choiste Feidhmiúcháin Gomel/Homvel, Oblast, is é atá freagrach as feachtas cos ar bolg agus imeaglaithe sa réigiún sin i gcoinne lucht agóideoirí síochánta tar éis thoghchán uachtaránachta 2020, go háirithe le gabhálacha treallacha, úsáid iomarcach fornirt agus drochíde, lena n-áirítear céasadh,.
19.	Aleh Mikalaevich SHULIAKOUSKI Oleg Nikolaevich SHULIAKOVSKI	Алег Мікалаевіч ШУЛЯКОЎСКІ	Олег Николаевич ШУЛЯКОВСКИЙ	First Deputy Head ar an Department of Internal Affairs of Gomel/Homel Oblast Executive Committee, Head of Criminal Police Dáta breithe: 26.7.1977 Inscne: fireann	Ina phost mar Leas-Cheann ar an Roinn Gnóthaí Baile ar Choiste Feidhmiúcháin Gomel/Homel, Oblast agus mar Cheann Póilíneachta Coiriúla, is é atá freagrach as an bhfeachtas cos ar bolg agus imeaglaithe sa réigiún sin i gcoinne lucht agóideoirí síochánta tar éis thoghchán uachtaránachta 2020, go háirithe le gabhálacha treallacha, úsáid iomarcach fornirt agus drochíde, lena n-áirítear céasadh.
20.	Anatol Anatolievich VASILIEU Anatoli Anatolevich VASILEV	Анатоль Анатольевіч ВАСІЛЬЕЎ	Анатолий Анатольевич ВАСИЛЬЕВ	Deputy Head ar an Department of Internal Affairs of Gomel Oblast Executive Committee, Head of Public Safety Police Dáta breithe: 26.1.1972 Áit bhreithe: Gomel/Homyel, Gomel/Homyel Oblast, iar-APSS (Belarus anois) Inscne: fireann	Ina phost mar Leas-Cheann ar an Roinn Gnóthaí Baile ar Choiste Feidhmiúcháin Gomel/Homel,Oblast agus mar Cheann Slándála Poiblí, is é atá freagrach as an bhfeachtas cos ar bolg agus imeaglaithe sa réigiún sin i gcoinne lucht agóideoirí síochánta tar éis thoghchán uachtaránachta 2020, go háirithe le gabhálacha treallacha, úsáid iomarcach fornirt agus drochíde, lena n-áirítear céasadh.
21.	Aliaksandr Viachaslavavich ASTREIKA Alexander Viacheslavovich ASTREIKO	Аляксандр Вячаслававіч АСТРЭЙКА	Александр Вячеславович АСТРЕЙКО	Head ar an Department of Internal Affairs of Brest Oblast Executive Committee, General-Major of Militia (police force) Dáta breithe: 22.12.1971 Áit bhreithe: Kapyl, iar-APSS (Belarus anois). Inscne: fireann	Ina phost mar Cheann na Roinne Gnóthaí Baile ar Choiste Feidhmiúcháin Brest Oblast, maorghinearál san fhórsa póilíneachta, is é atá freagrach as an bhfeachtas cos ar bolg agus imeaglaithe sa réigiún sin i gcoinne agóideoirí síochánta tar éis thoghchán uachtaránachta 2020, go háirithe le gabhálacha treallacha, úsáid iomarcach fornirt agus drochíde, lena n-áirítear céasadh, i gcoinne léirsitheoirí síochánta.

	Ainmneacha Tras-scríobh an litrithe Bealarúisise Tras-scríobh an litrithe Rúisise	Ainmneacha (litriú Bealarúisise)	Ainmneacha (litriú Rúisise)	Faisnéis aitheantais	Cúiseanna lena liostú
22.	Leanid ZHURAUSKI Leonid JOURAVSKI	Леанід ЖУРАЎСКІ	Леонид ЖУРАВСКИЙ	Head ar an OMON Отряд милиции особого назначения, 'Special Purpose Police Detachment') in Vitebsk Dáta breithe:20.9.1975 Inscne: fireann	Ina phost ceannasaíochta os cionn fhórsaí OMON in Vitebsk, is é atá freagrach as an bhfeachtas cos ar bolg agus imeaglaithe a stiúir fórsaí OMON in Vitebsk tar éis thoghchán uachtaránachta 2020, go háirithe le gabhálacha treallacha agus droch-íde a thabhairt do léirsitheoirí síochánta.
23.	Mikhail DAMARNACKI Mikhahil DOMARNATSKI	Міхаіл ДАМАРНАЦКІ	Михаил ДОМАРНАЦКИЙ	Head ar an OMON Отряд милиции особого назначения, 'Special Purpose Police Detachment') in Gomel Inscne: fireann	Ina phost ceannasaíochta os cionn fhórsaí OMON in Gomel, is é atá freagrach as an bhfeachtas cos ar bolg agus imeaglaithe a stiúir fórsaí OMON in Gomel tar éis thoghchán uachtaránachta 2020, go háirithe le gabhálacha treallacha agus droch-íde a thabhairt do léirsitheoirí síochánta.
24.	Maxim MIKHOVICH Maxim MIKHOTOVICH	Максім МІХОВІЧ	Максим МИХОВИЧ	Head ar an OMON Отряд милиции особого назначения, 'Special Purpose Police Detachment') in Brest, Lieutenant -Colonel Inscne: fireann	Ina phost ceannasaíochta os cionn fhórsaí OMON in Brest, is é atá freagrach as an bhfeachtas cos ar bolg agus imeaglaithe a stiúir fórsaí OMON in Brest tar éis thoghchán uachtaránachta 2020, go háirithe le gabhálacha treallacha agus droch-íde a thabhairt do léirsitheoirí síochánta.
25.	Aleh Uladzimiravich MATKIN Oleg Vladimirovitch MATKIN	Алег Уладзіміравіч МАТКІН	Олег Владимирович МАТКИН	Head ar an Penal Correction Department sa Ministry of Internal Affairs (MoIA), Lieutenant -Colonel), General-Major of Militia (police force) Inscne: fireann	Ina phost mar Cheann ar an Roinn Ceartúcháin Phionósaigh a bhfuil údarás aici ar shaoráidí coinneála MoIA, is é atá freagrach as an íde mhídhaonna tháireach, lena n-áirítear céasadh, a tugadh sna saoráidí coinneála sin ar shaoránaigh atá á gcoinneáil ó thoghchán uachtaránachta 2020 i leith agus as an gcniogbheartaíocht bhrúidiúil ghinearálta a rinneadh ar agóideoirí síochánta.
26.	Ivan Yurievich SAKALOUSKI Ivan Yurevich SOKOLOVSKI	Іван Юр'евіч САКАЛОЎСКІ	Иван Юрьевич СОКОЛОВСКИЙ	Director ar ionad coinneála ag Akrestina, Minsk Inscne: fireann	Ina cháil mar Stiúrthóir ar ionad coinneála Akrestina i Minsk, is é atá freagrach as an íde mhídhaonna agus táireach, lena n-áirítear céasadh, a tugadh do shaoránaigh atá á gcoinneáil tar éis thoghchán uachtaránachta 2020.
27.	Valeri Paulavich VAKULCHYK Valery Pavlovich VAKULCHIK	Валéрый Пáўлавіч ВАКУЛЬЧЫК	Валерий Павлович ВАКУЛЬЧИК	Former Chairman ar an State Security Committee (KGB). State Secretary reatha ar an Security Council of Belarus Dáta breithe: 19.6.1964 Áit bhreithe: Radostovo, iar-APSS (Belarus anois). Inscne: fireann	Ina iarphost ceannaireachta mar Chathaoirleach an Choiste um Shlándáil an Stáit (KGB), is é a bhí freagrach as rannpháirtíocht an KGB san fheachtas cos ar bolg agus imeaglaithe a tharla tar éis thoghchán uachtaránachta 2020, feachtas a raibh gabhálacha treallacha agus drochíde go háirithe mar chuid de, lena n-áirítear céasadh léirsitheoirí síochánta agus comhaltaí an fhreasúra.

	Ainmneacha Tras-scríobh an litrithe Bealarúisise Tras-scríobh an litrithe Rúisise	Ainmneacha (litriú Bealarúisise)	Ainmneacha (litriú Rúisise)	Faisnéis aitheantais	Cúiseanna lena liostú
28.	Siarhei Yaugenavich TSERABAU Sergey Evgenievich TEREBOV	Сяргей Яўгенавіч ЦЕРАБАЎ	Сергей Евгеньевич ТЕРЕБОВ	Céad-Leas-Chathaoirleach an Choiste um Shlándáil an Stáit (KGB). Dáta breithe: 1972 Áit bhreithe: Borisov/Barisaw. iar-APSS (Belarus anois). Inscne: fireann	Ina phost ceannaireachta mar Chéad-Leas-Chathaoirleach an Choiste um Shlándáil an Stáit (KGB), is é atá freagrach as rannpháirtíocht an KGB san fheachtas cos ar bolg agus imeaglaithe a tharla tar éis thoghchán uachtaránachta 2020, feachtas a raibh gabhálacha treallacha agus drochíde go háirithe mar chuid de, lena n-áirítear céasadh léirsitheoirí síochánta agus comhaltaí an fhreasúra.
29.	Dzmitry Vasilievich RAVUTSKI Dmitry Vasilievich REUTSKY	Дзмітрый Васільевіч РАВУЦКІ	Дмитрий Васильевич РЕУЦКИЙ	Leas-Chathaoirleach an Choiste um Shlándáil an Stáit (KGB). Inscne: fireann	Ina phost ceannaireachta mar Leas-Chathaoirleach an Choiste um Shlándáil an Stáit (KGB), is é atá freagrach as rannpháirtíocht an KGB san fheachtas cos ar bolg agus imeaglaithe a tharla tar éis toghchán uachtaránachta 2020, feachtas a raibh gabhálacha treallacha agus drochíde go háirithe mar chuid de, lena n-áirítear céasadh léirsitheoirí síochánta agus comhaltaí an fhreasúra.
30.	Uladzimir Viktaravich KALACH Vladimir Viktorovich KALACH	Уладзімір Віктаравіч КАЛАЧ	Владимир Викторович КАЛАЧ	Leas-Chathaoirleach an Choiste um Shlándáil an Stáit (KGB). Inscne: fireann	Ina phost ceannaireachta mar Leas-Chathaoirleach an Choiste um Shlándáil an Stáit (KGB), is é atá freagrach as rannpháirtíocht an KGB san fheachtas cos ar bolg agus imeaglaithe a tharla tar éis toghchán uachtaránachta 2020, feachtas a raibh gabhálacha treallacha agus drochíde go háirithe mar chuid de, lena n-áirítear céasadh léirsitheoirí síochánta agus comhaltaí an fhreasúra.
31.	Alieg Anatolevich CHARNYSHOU Oleg Anatolievich CHERNYSHEV	Алег Анатольевіч ЧАРНЫШОЎ	Олег Анатольевич ЧЕРНЫШЁВ	Deputy Chairman State Security Committee (KGB). Inscne: fireann	Ina phost ceannaireachta mar Leas-Chathaoirleach an Choiste um Shlándáil an Stáit (KGB), is é atá freagrach as rannpháirtíocht an KGB san fheachtas cos ar bolg agus imeaglaithe a tharla tar éis toghchán uachtaránachta 2020, feachtas a raibh gabhálacha treallacha agus drochíde go háirithe mar chuid de, lena n-áirítear céasadh léirsitheoirí síochánta agus comhaltaí an fhreasúra.
32.	Aliaksandr Uladzimiravich KANYUK Aleksandr Vladimirovich KONYUK	Аляксандр Уладзіміравіч КАНЮК	Александр Владимирович КОНЮК	Former Prosecutor General of the Republic of Belarus. Dáta breithe: 11.7.1960, Áit bhreithe: Grodno (Hrodna) iar-APSS (Belarus anois) Inscne: fireann	Ina phost roimhe seo mar Phríomh-Ionchúisitheoir, is é atá freagrach as úsáid fhorleathan a bhaint as imeachtaí coiriúla chun iarrthóirí de chuid an fhreasúra a dhícháiliú roimh thoghchán uachtaránachta 2020 agus cosc a chur ar dhaoine a bheith páirteach sa Chomhairle Chomhordúcháin a sheol an freasúra chun agóid a dhéanamh in aghaidh thoradh an toghcháin sin.

	Ainmneacha Tras-scríobh an litrithe Bealarúisise Tras-scríobh an litrithe Rúisise	Ainmneacha (litriú Bealarúisise)	Ainmneacha (litriú Rúisise)	Faisnéis aitheantais	Cúiseanna lena liostú
33.	Lidzia Mihailauna YARMOSHINA Lidia Mikhailovna YERMOSHINA	Лідзія Міхайлаўна ЯРМОШЫНА	Лидия Михайловна ЕРМОШИНА	Cathaoirleach an Choimisiúin Lárnaigh Toghchán (CEC) Dáta breithe: 29.1.1953 Áit bhreithe: Slutsk, iar-APSS (Belarus anois) Inscne: baineann	Ina cáil mar Cathaoirleach ar CEC, is í atá freagrach as an místiúradh a rinne CEC ar phróiseas toghchánach toghchán uachtaránachta 2020, gan caighdeáin idirnáisiúnta bhunúsacha i dtaca le cothromaíocht agus trédhearcacht a bheith á gcomhlíonadh le linn an phróisis, agus as torthaí an toghcháin a fhalsú. Is é CEC agus a cheannaireacht, go háirithe, a d'fháig gur briseadh as a bpost, ar fhorais bhréige, roinnt iarrthóirí de chuid an fhreasúra agus gur cuireadh srianta neamhchomhréireacha ar bhreathnóirí sna stáisiúin vótála. Ina theannta sin, d'áirithigh CEC go bhfuil coimisiúin na dtoghchán, atá faoina mhaoirseacht, comhdhéanta ar bhealach aontaobhach.
34.	Vadzim Dzmitryevich IPATAU Vadim Dmitrievich IPATOV	Вадзім Дзмітрыевіч ІПАТАЎ	Вадим Дмитриевич ИПАТОВ	Deputy Chairman ar an Central Electoral Commission (CEC), Dáta breithe: 30.10.1964 Áit bhreithe: Kolomyia, Ivano-Frankivsk Oblast, iar-APSS, Ukraine anois). Inscne: fireann	Ina cháil mar Leaschathaoirleach ar CEC, is é atá freagrach as an místiúradh a rinne CEC ar phróiseas toghchánach toghchán uachtaránachta 2020, gan caighdeáin idirnáisiúnta bhunúsacha i dtaca le cothromaíocht agus trédhearcacht a bheith á gcomhlíonadh le linn an phróisis, agus as torthaí an toghcháin a fhalsú. Is é CEC agus a cheannaireacht, go háirithe, a d'fháig gur briseadh as a bpost, ar fhorais bhréige, roinnt iarrthóirí de chuid an fhreasúra agus gur cuireadh srianta neamhchomhréireacha ar bhreathnóirí sna stáisiúin vótála. Ina theannta sin, d'áirithigh CEC go bhfuil coimisiúin na dtoghchán, atá faoina mhaoirseacht, comhdhéanta ar bhealach aontaobhach.
35.	Alena Mikalaeuna DMUHAILA Elena Nikolayevna DMUHAILO	Алена Мікалаеўна ДМУХАЙЛА	Елена Николаевна ДМУХАЙЛО	Secretary ar an Central Electoral Commission (CEC), Dáta breithe: 1.7.1971 Inscne: baineann	Ina cáil mar Rúnaí ar CEC, is í atá freagrach as an místiúradh a rinne CEC ar phróiseas toghchánach toghchán uachtaránachta 2020, gan caighdeáin idirnáisiúnta bhunúsacha i dtaca le cothromaíocht agus trédhearcacht a bheith á gcomhlíonadh le linn an phróisis, agus as torthaí an toghcháin a fhalsú. Is é CEC agus a cheannaireacht, go háirithe, a d'fháig gur briseadh as a bpost, ar fhorais bhréige, roinnt iarrthóirí de chuid an fhreasúra agus gur cuireadh srianta neamhchomhréireacha ar bhreathnóirí sna stáisiúin vótála. Ina theannta sin, d'áirithigh CEC go bhfuil coimisiúin na dtoghchán, atá faoina mhaoirseacht, comhdhéanta ar bhealach aontaobhach.
36.	Andrei Anatolievich GURZHY Andrey Anatolyevich GURZHIY	Андрэй Анатольевіч ГУРЖЫ	Андрей Анатольевич ГУРЖИЙ	Member den Central Electoral Commission (CEC), Dáta breithe: 10.10.1975 Inscne: fireann	Ina cháil mar chomhalta den choláiste CEC, is é atá freagrach as an místiúradh a rinne CEC ar phróiseas toghchánach an toghcháin uachtaránachta, gan caighdeáin idirnáisiúnta bhunúsacha i dtaca le cothromaíocht agus trédhearcacht a bheith á gcomhlíonadh le linn an phróisis, agus as torthaí an toghcháin a fhalsú.

	Ainmneacha Tras-scríobh an litrithe Bealarúisise Tras-scríobh an litrithe Rúisise	Ainmneacha (litriú Bealarúisise)	Ainmneacha (litriú Rúisise)	Faisnéis aitheantais	Cúiseanna lena liostú
					Is é CEC agus a choláiste, go háirithe, a d'fhág gur briseadh as a bpost, ar fhorais bhréige, roinnt iarrthóirí de chuid an fhreasúra agus gur cuireadh srianta neamhchomhréireacha ar bhreathnóirí sna stáisiúin vótála. Ina theannta sin, d'áirithigh CEC go bhfuil coimisiúin na dtoghchán, atá faoina mhaoirseacht, comhdhéanta ar bhealach aontaobhach.
37.	Volga Leanidauna DARASHENKA Olga Leonidovna DOROSHENKO	Вольга Леанідаўна ДАРАШЭНКА	Ольга Леонидовна ДОРОШЕНКО	Member den Central Electoral Commission (CEC), Dáta breithe: 1976 Inscne: baineann	Ina cáil mar chomhalta den choláiste CEC, is í atá freagrach as an místiúradh a rinne CEC ar phróiseas toghchánach toghchán uachtaránachta 2020, gan caighdeáin idirnáisiúnta bhunúsacha i dtaca le cothromaíocht agus trédhearcacht a bheith á gcomhlíonadh le linn an phróisis, agus as torthaí an toghcháin a fhalsú. Is é CEC agus a choláiste, go háirithe, a d'fhág gur briseadh as a bpost, ar fhorais bhréige, roinnt iarrthóirí de chuid an fhreasúra agus gur cuireadh srianta neamhchomhréireacha ar bhreathnóirí sna stáisiúin vótála. Ina theannta sin, d'áirithigh CEC go bhfuil coimisiúin na dtoghchán, atá faoina mhaoirseacht, comhdhéanta ar bhealach aontaobhach.
38.	Siarhei Aliakseevich KALINOUSKI Sergey Alekseevich KALINOVSKIY	Сяргей Аляксеевіч КАЛІНОЎСКІ	Сергей Алексеевич КАЛИНОВСКИЙ	Member den Central Electoral Commission (CEC), Dáta breithe: 3.1.1969 Inscne: fireann	Ina cháil mar chomhalta den choláiste CEC, is é atá freagrach as an místiúradh a rinne CEC ar phróiseas toghchánach toghchán uachtaránachta 2020, gan caighdeáin idirnáisiúnta bhunúsacha i dtaca le cothromaíocht agus trédhearcacht a bheith á gcomhlíonadh le linn an phróisis, agus as torthaí an toghcháin a fhalsú. Is é CEC agus a choláiste, go háirithe, a d'fhág gur briseadh as a bpost, ar fhorais bhréige, roinnt iarrthóirí de chuid an fhreasúra agus gur cuireadh srianta neamhchomhréireacha ar bhreathnóirí sna stáisiúin vótála. Ina theannta sin, d'áirithigh CEC go bhfuil coimisiúin na dtoghchán, atá faoina mhaoirseacht, comhdhéanta ar bhealach aontaobhach.
39.	Sviatlana Piatrouna KATSUBA Svetlana Petrovna KACUBO	Святлана Пятроўна КАЦУБА	Светлана Петровна КАЦУБО	Member den Central Electoral Commission (CEC), Dáta breithe: 6.8.1959 Áit bhreithe: Podilsk,Odessa Oblast, iar-APSS (Ukraine anois) Inscne: baineann	Ina cáil mar chomhalta den choláiste CEC, is í atá freagrach as an místiúradh a rinne CEC ar phróiseas toghchánach an toghcháin uachtaránachta, gan caighdeáin idirnáisiúnta bhunúsacha i dtaca le cothromaíocht agus trédhearcacht a bheith á gcomhlíonadh le linn an phróisis, agus as torthaí an toghcháin a fhalsú. Is é CEC agus a choláiste, go háirithe, a d'fhág gur briseadh as a bpost, ar fhorais bhréige, roinnt iarrthóirí de chuid an fhreasúra agus gur cuireadh srianta neamhchomhréireacha ar bhreathnóirí sna stáisiúin vótála. Ina theannta sin, d'áirithigh CEC go bhfuil coimisiúin na dtoghchán, atá faoina mhaoirseacht, comhdhéanta ar bhealach aontaobhach.

	Ainmneacha Tras-scríobh an litrithe Bealarúisise Tras-scríobh an litrithe Rúisise	Ainmneacha (litriú Bealarúisise)	Ainmneacha (litriú Rúisise)	Faisnéis aitheantais	Cúiseanna lena liostú
40.	Aliaksandr Mikhailavich LASYAKIN Aleksandr Mikhailovich LOSYAKIN	Аляксандр Міхайлавіч ЛАСЯКІН	Александр Михайлович ЛОСЯКИН	Member den Central Electoral Commission (CEC), Dáta breithe: 21.7.1957 Inscne: fireann	Ina cháil mar chomhalta den choláiste CEC, is é atá freagrach as an místiúradh a rinne CEC ar phróiseas toghchánach an toghcháin uachtaránachta, gan caighdeáin idirnáisiúnta bhunúsacha i dtaca le cothromaíocht agus trédhearcacht a bheith á gcomhlíonadh le linn an phróisis, agus as torthaí an toghcháin a fhalsú. Is é CEC agus a choláiste, go háirithe, a d'fháig gur briseadh as a bpost, ar fhorais bhréige, roinnt iarrthóirí de chuid an fhreasúra agus gur cuireadh srianta neamhchomhréireacha ar bhreathnóirí sna stáisiúin vótála. Ina theannta sin, d'áirithigh CEC go bhfuil coimisiúin na dtoghchán, atá faoina mhaoirseacht, comhdhéanta ar bhealach aontaobhach.
41.	Igar Anatolievich PLYSHEUSKI Ihor Anatolievich PLYSHEVSKIY	Ігар Анатольевіч ПЛЫШЭЎСКІ	Игорь Анатольевич ПЛЫШЕВСКИЙ	Member den Central Electoral Commission (CEC), Dáta breithe: 19.2.1979 Áit bhreithe: Lyuban, iar-APSS (Belarus anois) Inscne: fireann	Ina cháil mar chomhalta den choláiste CEC, is é atá freagrach as an místiúradh ar phróiseas toghchánach toghchán uachtaránachta 2020, gan caighdeáin idirnáisiúnta bhunúsacha i dtaca le cothromaíocht agus trédhearcacht a bheith á gcomhlíonadh le linn an phróisis, agus as torthaí an toghcháin a fhalsú. Is é CEC agus a choláiste, go háirithe, a d'fháig gur briseadh as a bpost, ar fhorais bhréige, roinnt iarrthóirí de chuid an fhreasúra agus gur cuireadh srianta neamhchomhréireacha ar bhreathnóirí sna stáisiúin vótála. Ina theannta sin, d'áirithigh CEC go bhfuil coimisiúin na dtoghchán, atá faoina mhaoirseacht, comhdhéanta ar bhealach aontaobhach.
42.	Marina Yureuna RAKHMANAVA Marina Yurievna RACHMANOVA	Марына Юр'еўна РАХМАНАВА	Марина Юрьевна РАХМАНОВА	Comhalta den Central Electoral Commission (CEC), Dáta breithe: 26.9.1970 Inscne: baineann	Ina cáil mar chomhalta den choláiste CEC, is í atá freagrach as an místiúradh a rinne CEC ar phróiseas toghchánach toghchán uachtaránachta 2020, gan caighdeáin idirnáisiúnta bhunúsacha i dtaca le cothromaíocht agus trédhearcacht a bheith á gcomhlíonadh le linn an phróisis, agus as torthaí an toghcháin a fhalsú. Is é CEC agus a choláiste, go háirithe, a d'fháig gur briseadh as a bpost, ar fhorais bhréige, roinnt iarrthóirí de chuid an fhreasúra agus gur cuireadh srianta neamhchomhréireacha ar bhreathnóirí sna stáisiúin vótála. Ina theannta sin, d'áirithigh CEC go bhfuil coimisiúin na dtoghchán, atá faoina mhaoirseacht, comhdhéanta ar bhealach aontaobhach.
43.	Aleh Leanidavich SLIZHEUSKI Oleh Leonidovich SLYZHEVSKIY	Алег Леанідавіч СЛІЖЭЎСКІ	Олег Леонидович СЛИЖЕВСКИЙ	Comhalta den Central Electoral Commission (CEC), Dáta breithe: 16.8.1972 Áit bhreithe: Hrodna, iar-APSS (Belarus anois). Inscne: fireann	Ina cháil mar chomhalta den choláiste CEC, is é atá freagrach as an místiúradh a rinne CEC ar phróiseas toghchánach an toghcháin uachtaránachta, gan caighdeáin idirnáisiúnta bhunúsacha i dtaca le cothromaíocht agus trédhearcacht a bheith á gcomhlíonadh le linn an phróisis, agus as torthaí an toghcháin a fhalsú.

	Ainmneacha Tras-scríobh an litrithe Bealarúisise Tras-scríobh an litrithe Rúisise	Ainmneacha (litriú Bealarúisise)	Ainmneacha (litriú Rúisise)	Faisnéis aitheantais	Cúiseanna lena liostú
					Is é CEC agus a choláiste, go háirithe, a d'fhág gur briseadh as a bpost, ar fhorais bhréige, roinnt iarrthóirí de chuid an fhreasúra agus gur cuireadh srianta neamhchomhréireacha ar bhreathnóirí sna stáisiúin vótála. Ina theannta sin, d'áirithigh CEC go bhfuil coimisiúin na dtoghchán, atá faoina mhaoirseacht, comhdhéanta ar bhealach aontaobhach.
44.	Irina Aliaksandrauna TSELIKAVETS Irina Alexandrovna CELIKOVEC	Ірына Аляксандраўна ЦЭЛІКАВЕЦ	Ирина Александровна ЦЕЛИКОВЕЦ	Member den Central Electoral Commission (CEC), Dáta breithe: 2.11.1976 Áit bhreithe: Zhlobin, iar-APSS (Belarus anois) Inscne: baineann	Ina cáil mar chomhalta den choláiste CEC, is í atá freagrach as an místiúradh a rinne CEC ar phróiseas toghchánach an toghcháin uachtaránachta, gan caighdeáin idirnáisiúnta bhunúsacha i dtaca le cothromaíocht agus trédhearcacht a bheith á gcomhlíonadh le linn an phróisis, agus as torthaí an toghcháin a fhalsú. Is é CEC agus a choláiste, go háirithe, a d'fhág gur briseadh as a bpost, ar fhorais bhréige, roinnt iarrthóirí de chuid an fhreasúra agus gur cuireadh srianta neamhchomhréireacha ar bhreathnóirí sna stáisiúin vótála. Ina theannta sin, d'áirithigh CEC go bhfuil coimisiúin na dtoghchán, atá faoina mhaoirseacht, comhdhéanta ar bhealach aontaobhach."